Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Samhain 2025
(OR. en)**

**14905/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0299(NLE)**

**SOC 727
EMPL 485
ECOFIN 1459**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach ar fud Bhallstáit an Aontais<br>– Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach ar fud Bhallstáit an Aontais, atá le formhuiniú ag an gComhairle (EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 1 Nollaig 2025.

Is féidir Tuarascáil ar Ioncaim Íosta iomlán 2025, a d’ullmhaigh an Coiste um Chosaint Shóisialta agus an Coimisiún Eorpach go comhpháirteach, agus an anailís Tíre a fháil in 14905/25 ADD 1 agus 14905/25 ADD 2 faoi seach.

**An Tuarascáil ar Ioncam Íosta 2025**

**Forléargas ar chur chun feidhme Mholadh 2023 ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach ar fud Bhallstáit an Aontais**

**Tuarascáil chomhpháirteach arna hullmhú ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ag an gCoimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú**

**Na príomhtheachtaireachtaí**

1. **Tar éis ghéarchéim an chostais maireachtála, is cúis mhór imní fós í an bhochtaineacht do go leor Eorpach.** De réir Eorabharaiméadar 2025, tá imní ar 84 % de mhuintir na hEorpa nach bhfuil ach fíorbheagán daoine ag éalú ón mbochtaineacht ina dtír féin[1]. Is bac í an bhochtaineacht i leith dhínit an duine. Ní hamháin gur riachtanas eiticiúil agus sóisialta é aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht. Tá sé bunriachtanach tacú leis an gcomhtháthú sóisialta freisin chun muinín as institiúidí polaitiúla a áirithiú agus chun ár sochaithe a dhéanamh níos athléimní. Tá sé ciallmhar ó thaobh an gheilleagair de freisin, ós rud é go neartaíonn lucht saothair oilte dea-cháilithe ár n-iomaíochas. Thairis sin, tá costas ag baint leis an mbochtaineacht. Mar shampla, bíonn sochaithe thíos le costas arb ionann é agus 3.4 % de OTI gach bliain mar gheall ar mhíbhuntáiste socheacnamaíoch leanaí[2].

2. **Is cloch mhíle é Moladh 2023 ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta san Aontas.** Leis an Moladh seo, tháinig na Ballstáit ar chomhaontú maidir le príomhghnéithe coiteanna le haghaidh beartais ioncaim íosta rathúla, d'fhonn cion a dhéanamh go comhpháirteach maidir leis an mbochtaineacht a laghdú san Aontas. D'athdhearbhaigh siad buanna chur chuige an chuimsithe ghníomhaigh, lena gcomhcheanglaítear tacaíocht ioncaim, beartais chuimsitheacha maidir leis an margadh saothair agus rochtain ar sheirbhísí. Thairis sin, d'fhonn saol faoi dhínit a áirithiú ag gach céim den saol, leag siad amach uaillmhian chomhpháirteach leibhéal leordhóthanach tacaíochta ioncaim a bhaint amach de réir a chéile faoi 2030. Ba cheart go dtacódh sé leis an gcóineasú sóisialta aníos.

---

**1** Eorabharaiméadar Speisialta 559, Infheistíocht i gCothroime, 2025.

**2** ECFE, na costais eacnamaíocha a bhaineann le míbhuntáiste socheacnamaíoch leanaí i dtíortha Eorpacha ECFE, 2022

3. **Cé go bhfuil tús curtha ag roinnt Ballstát leis an Moladh a chur chun feidhme agus go bhfuil dul chun cinn déanta acu ina leith sin,** le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa + (CSE+) i gcásanna áirithe, **faoi láthair, níl aon cheann de scéimeanna ioncaim íosta na mBallstát i gcomhréir go hiomlán le forálacha an Mholta.** Thairis sin, cé go leanann formhór na n-athchóirithe náisiúnta an treoraíocht atá leabaithe sa Mholadh, i gcásanna áirithe ní chloíonn na Ballstáit le prionsabail an Mholta.

4. **Leagtar amach sa Mholadh roinnt cineálacha cur chuige chun leordhóthanacht a áirithiú, ach ní mór d'fhormhór na mBallstát dlús a chur leis na hiarrachtaí chun leordhóthanacht a fheabhsú.** Ar cheann de na cuir chuige a leagtar amach sa Mholadh, luaitear tagairt a dhéanamh do thairseach riosca na bochtaineachta (AROP). Ar an meán, in 2023, shroich ioncam indiúscartha daoine aonair a fhaigheann ioncam íosta (ar a laghad) 33.8 % den ioncam indiúscartha airmheánach, agus is ionann tairseach AROP agus 60 % den ioncam indiúscartha airmheánach. Is ionann an figiúr sin agus 37.9 % den ioncam indiúscartha airmheánach le haghaidh lánúineacha a bhfuil beirt leanaí acu. Mar sin féin, níl modheolaíocht shoiléir ag thart ar an gceathrú cuid de na Ballstáit chun leibhéal na tacaíochta ioncaim a shainiú agus ní dóigh leis an tríú cuid go ndéanfar aon nuashonrú ná innéacsú rialta. Ba cheart iarrachtaí chun an mhodheolaíocht agus an t-innéacsú a fheabhsú nó lena nuashonrú go rialta a neartú chun leordhóthanacht a áirithiú.

5. **Tá sé ríthábhachtach freisin go n-áirithítear go mbeidh siad siúd atá i ngátar i dteideal tairbhí toisc go bhfuil bearnaí cumhdaigh fós ann.** In 2023, ar an meán san Aontas, ní bhfuair 16.8 % den daonra bocht i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe aon sochar sóisialta. Cé go bhfuil critéir incháilitheachta atá trédhearcach ar an mórgóir ag na Ballstáit uile, bíonn éagsúlachtaí iontu go háirithe ó thaobh cónaitheachta, aoise agus tástála acmhainne agus sócmhainní de. Léirítear leis seo ilchineálacht láidir, agus mhéadaitheach fiú ó am go chéile, sa sainmhíniú ar an daonra atá i ngátar.

6. **Tá ar na Ballstáit uile aghaidh a thabhairt ar leibhéal ard neamhghlactha maidir le sochair ioncaim íosta, rud a laghdaíonn éifeachtacht na scéimeanna ioncaim íosta.** Mar sin féin, tá sé dúshlánach méid an neamhghlactha a chainníochtú, ós rud é nach bhfuil aon chur chuige bailíochtaithe ar leith ann chun é a mheas. Is beag Ballstát a dhéanann measúnú rialta ar leibhéal an neamhghlactha. Bíonn raon na meastachán idir 20 % agus 50 %, ag brath ar na Ballstáit. Tá bearta á gcur chun feidhme ag roinnt Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna éagsúla maidir le neamhghlacadh, go háirithe trí na nósanna imeachta maidir le hiarratais a shimpliú agus a dhigiteáil, rochtain ar fhaisnéis a éascú (ar líne agus as líne), sonraí a bhailiú ó údaráis éagsúla isteach i gcóras faisnéise cuimsitheach agus teagmháil a dhéanamh le tairbhithe féideartha. Mar sin féin, ní mór na tionscnaimh sin a uas-scálú chun dul i ngleic le neamhghlacadh ar bhealach níos cuimsithí.

7. **Tá na Ballstáit ag leanúint dá n-iarrachtaí margaí saothair cuimsitheacha a chothú, lena n-áirítear a n-iarrachtaí a neartú lena chinntiú gur ann do lucht saothair oilte dea-cháilithe, d'ainneoin an laghdaithe atá ag teacht ar an daonra in aois oibre.** Moladh athchóirithe chun feabhas a chur ar ról na sochar ioncaim íosta maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhaighteoirí páirt a ghlacadh i mbearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair (ALMPanna) agus poist a chuardach go gníomhach. Chuige sin, tá roinnt Ballstát tar éis na bearta gníomhachtúcháin a leathnú agus na critéir ghníomhachtúcháin á ndaingniú acu ag an am céanna. In éineacht leis sin, ba cheart go mbeadh ann do ALMPanna níos éifeachtaí atá dírithe ar fhaighteoirí ioncaim íosta, lena soláthrófar tacaíocht phearsantaithe agus torthaí fostaíochta marthanacha. Tá sé tábhachtach go dtuigeann an lucht ceaptha beartas bunchúiseanna na neamhghníomhaíochta chun ALMPanna a oiriúnú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na ndaoine atá i staideanna leochaileacha. Is gá faireachán cúramach a dhéanamh ar thionchar critéar gníomhachtúcháin níos déine chun a áirithiú nach mbeidh bochtaineacht ná eisiamh sóisialta mar thoradh orthu.

8. **Rinneadh dreasachtaí airgeadais chun daoine a spreagadh i mbun oibre a ionchorprú i scéimeanna ioncaim íosta ar fud na mBallstát, ach tá bearnaí ann fós maidir le cumas na scéimeanna tacú le hioncam tairbhithe agus iad ag dul i mbun fostaíochta.** I dtíortha áirithe, ní i gcónaí a bhíonn méadú ar ioncam indiúscartha mar thoradh ar mhéaduithe ar uaireanta oibre. Ina theannta sin, tá tosca neamhairgeadais ar nós infhaighteacht oiliúna le linn na hoibre, agus deiseanna fostaíochta ardcháilíochta ríthábhachtach chun cuimsiú sa mhargadh saothair a éascú. Chun aistriú rathúil chuig an bhfostaíocht a bhaint amach, ní mór deireadh a chur de réir a chéile leis an gceart chun sochar mar aon le dreasachtaí airgeadais agus neamhairgeadais araon a sholáthar.

9. **Tá tiomantas láidir léirithe ag roinnt Ballstát maidir le rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí bunriachtanacha a éascú.** Cé gur formhuiníodh go leor athchóirithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain éasca ag faighteoirí ioncaim íosta ar sheirbhísí áirithe i roinnt tíortha mar gheall ar bhacainní mar atá infhaighteacht, inacmhainneacht nó acmhainneacht oibríochtúil íseal. Tá bearnaí suntasacha fós ann i réimsí mar atá rochtain ar chúram leanaí, cúram sláinte, tithíocht agus nascacht idirlín. Ina theannta sin, tá na caighdeáin cháilíochta le haghaidh seirbhísí easnamhach i roinnt mhaith Ballstát.

10. **Is iondúil go bhforbraítear pleananna maidir le cuimsiú sóisialta tar éis measúnuithe ar riachtanais aonair a dhéanamh chun meascán iomchuí de sheirbhísí sóisialta agus gníomhacha mhargadh an tsaothair a sholáthar.** Cé go bhfuil pleananna tiomnaithe maidir le cuimsiú sóisialta tugtha isteach ag thart ag an leathchuid de na Ballstáit d'fhaighteoirí ioncaim íosta, níl forálacha dlíthiúla ach ag sé thír — i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle — chun na pleananna sin a sholáthar faoi cheann trí mhí. Tá cumhdach iarbhír na dtairbhithe leis na pleananna sách íseal fós.

11. **Teastaíonn próisis rialachais éifeachtacha, rannpháirteacha agus chuimsitheacha ó scéimeanna láidre ioncaim íosta.** Éilítear leo acmhainneacht oibríochtúil leordhóthanach, comhar agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sna céimeanna éagsúla de chur chun feidhme beartais, chomh maith le sásraí láidre faireacháin agus meastóireachta a leagan síos. Ní hionann ceapadh na scéimeanna ioncaim íosta ar fud na mBallstát mar gheall ar thraidisiúin náisiúnta. Is féidir le sásraí láidre rialachais cabhrú le hilroinnt, forluí agus bearnaí a chosc, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar riachtanais na ndaoine is leochailí, beag beann ar cheapadh foriomlán na gcóras sochair.

12. **I bhfianaise na ngnéithe sin, measann an Coiste um Chosaint Shóisialta go mbeidh gá le tuilleadh iarrachtaí chun dul i ngleic leis na bearnaí a sainaithníodh sa chéad tuarascáil chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta.** Cuirfidh sé sin leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus chun sprioc an Aontais a bhaint amach maidir le líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú 15 mhilliún ar a laghad faoi 2030. Ar an gcaoi sin, cabhrófar le feabhas a chur ar athléimneacht ár sochaithe agus ar iomaíochas ár ngeilleagar. D’fhonn cion a dhéanamh i leith na n-iarrachtaí sin, leanfaidh an Coimisiún agus an Coiste um Chosaint Shóisialta de thacaíocht a thabhairt do bheartais na mBallstát agus d’fhaireachán a dhéanamh orthu, go háirithe trí thuarascáil nua a fhoilsiú in 2028, trí fheabhas leanúnach a chur ar an gcreat tagarmharcála ioncaim íosta agus trí fhoghlaim fhrithpháirteach a éascú sa Choiste um Chosaint Shóisialta agus ina mheithleacha (mar shampla an Líonra Ioncaim Íosta, MINET). Ina theannta sin, leis an gcéad Straitéis Frithbhochtaineachta riamh de chuid an Aontais atá ar na bacáin, cuirfear tionscnaimh nithiúla chun cinn chun tacú le tiomantas athnuaite chun an bhochtaineacht a chomhrac san Aontas.